

Rang 3 & Rang 4
**SPHE**

# Mearfhaisean

**Bhí ceacht an lae inniu le Múinteoir John bainteach le mearfhaisean. Díreach mar achoimre caithfidh muid súil ar an mearfhaisean agus ansin freagróidh muid roinnt ceisteanna faoi na rudaí a d'fhoghlaim muid.**




Tionscal ollmhór ar fud an domhain atá i saol an fhaisin. Is breá le daoine i ngach áit a bheith ag breathnú air agus ag ceannach na bhfaisean is úire. Tagann agus imíonn éadaí as faisean an t-am ar fad agus athraíonn siad le gach séasúr freisin.

Go dtí 20 bliain ó shin nó mar sin, morócáid a bhi i gceannach éadach nach dtarlódh ach uair amháin nó dhó sa bhliain. Bheadh na héadaí sin agat go dtí go mbeadh siad róbheag duit, agus ansin thugtaí do dheartháir nó deirfiúr nó gaol iad. Dá mbeadh damáiste déanta do na héadaí, chuirfí caoi orthu. Sa lá atá inniu ann is féidir eádaí a cheannach atá thar a bheith saor agus téann daoine ag siopadóireacht i bhfad níos minice agus ceannaíonn siad níos mó éadaí. Níl caighdeán na n-éadach seo thar mholadh beirte agus caitear amach iad nuair a thiteann siad as a chéile nó nuair a théann siad as faisean. Tugtar mearfhaisean ar seo, agus tá droch-thionchar aige ar an timpeallacht.



Tá go leor de na héadaí a chaitheann muid déanta as cadás, mar sin tá an-éileamh ar chadás. Nuair atá cadás ag fás, teastaíonn go leor uisce uaidh, chomh maith le

# Mearfhaisean





Iotnaidicídí agus ceimicí chun an próiseas a bhrostú, agus é a fháil isteach sna monarchana níos tapúla. Déanann na ceimicí seo dochar do shláinte na n-oibrithe páirce agus don éiceachóras ina dtimpeall. Nuair a chóireáiltear an cadás sna monarchana, déantar é a thuaradh, agus cuirtear tuilleadh datha agus ceimicí leis. Tá na ceimicí seo ar fad in úsáid do t-léine nach gcaithfidh muid ach ar feadh cúpla seachtain sula dtugann muid bóthar dó, ag cur leis na carin mhóra bruscair atá sna láithreáin líonadh talún. Cén fáth a bhfuil an oiread cadáis á tháirgeadh? Mar go leanann muid ar aghaidh á cheannach. Chun an méid cadáis a fhástar agus an méid éadaí a chuireann muid chuig na láithreáin líonadh talún a laghdú, céard is féidir linn a dhéanamh?

**01** Bí níos cúramaí faoi na héadaí a gceannaíonn muid. Ceannaigh éadaí ar ardchaighdeán a mbainfidh tú blianta astu. Cuir ceist ort féin 'An bhfuil sé seo ag teastáil uaim i ndáiríre' sula gceannaíonn tú é.

**02** Téigh ag siopadóireacht sna siopaí athláimhe seachas eádaí nua a cheannach agus tabhair do sheanéadaí do shiopaí carthanachta má tá dea-chaoi orthu.

**03** Athchúrsáil nó athúsáid do chuid seanéadaí. Foghlaim conas a bheith ábalta fuáil a dhéanamh ionas gur féidir leat caoi a chur ar sheanéadaí nó iad a athrú le cinn nua a dhéanamh astu. Ceannaigh péint fabraice, seacainí, agus maisiúcháin eile le go mbeidh cuma úrnua ar shean-bhall éadaigh.

# Mearfhaisean – Ceisteanna

**01** Céard is mearfhaisean ann?

**02** Cén fáth go bhfuil mearfhaisean go dona don timpeallacht?

**03** Conas ar féidir linn an méid cadáis a fhástar a laghdú?



# Mearfhaisean – Ceisteanna

**04** Scríobh litir chuig duine éigin a dtaitníonn mearfhaisean go mór leo agus cuir ina luí orthu go gcaithfidh siad a gcuid nósanna siopadóireachta a athrú.

# Ceangail is Dathaigh


**Bealach maith atá anseo le sean t-léine a athrú nó le dathúchán bia a úsaid chun é a cheangail agus a dhathú.**

**Ag teastáil uait –** Uisce, finéagar, dathúchán bia, buidéal phlaisteach le rúinne uisce do gach dath a bhéas in úsáid agat (na buidéil spóirt is fearr a oibríonn ionas gur féidir é a chroitheadh seachas e a dhoirteadh, nó is féidir le duine fásta poll a chur i gclaibín ghnáth bhuidéal uisce le tacóid ordóige), t-léine bán (poileistear is fearr a oibríonn), buicéad/ bosca bruscair / báisín / pota mór, naprún, éadach boird.

# Ceangail is Dathaigh

**01** Cuir an buidéal le fínéagar agus an méid céanna uisce isteach sa phota.

**02** Cuir an t-léine ar maos sa mheascán uisce agus fínéagar agus fáisc chomh maith agus is féidir leat é.




**03** Leag amach an t-léine go cothrom.



**04** Fáisc lár an t-léine agus cas timpeall agus timpeall é, breá teannta ina guairneán brúite le chéile.



**05** Cuir cúpla bandaí leaisteacha timpeall ar an t-léine chun é a choinneáil le chéile. Leag an t-léine isteach sa mbáisín.



**06** Pioc na dathanna atá tú ag iarraidh don t-léine. Cuir isteach neart dathúchán bia san uisce i do bhuidéil phlaisteacha. Dá mhéad dathúchan bia a úsáideann tú is ea is beoga a bhéas an dath.



**07** Croith na dathanna ar an t-léine in aon slí gur mian leat.

**08** Cuir an t-léine isteach i mála plaisteach. Fáisc aon aer amach as an mála. Fág an t-léine ar feadh 8 n-uair an chloig nó thar oíche.



**09** Rinseáil an t-léine in uisce fuar le salainn air, lig cead dó triomú agus ansin is féidir leat é a chaitheamh.

# Seó Faisin Iontach

**Socraigh an dúshlán duit féin do chlann agus roinnt cairde, le seanéadaí a athrú ina bhfeistis nua m.sh déan gúna as léine, déan bríste gairid as sean-phéire jíons, déan loirgneáin theolaí as stocaí go bhfuil poill iontú, tá an oiread gur féidir leat a dhéanamh.**

**Ansin eagraigh seó faisin, le scaradh sóisialta, i do ghairdín nó ar an tsráid agus ansin is féidir leat gothaí a chur ort féin ar an mainicíneacht ardáin, agus tú ag taispeáint na dearaí iontacha atá cruthaithe agat.**

